

## Cad iad na hábhair atá san áireamh sna Cnuaslaethanta Ar Líne don FGL Ábhair?

Tá suas le sé cheardlann déag á gcur ar fáil mar chuid den chnuaslá ar líne don FGL ábhair i mbliana, lena n-áirítear:

Béarla

Eolaíocht

Staidéar Gnó

An Ghaeilge

Nuathangacha Iasachta

Amharc-ealáin

An Mhatamailic

An Stair

An Tíreolaíocht

Ceol

Eacnamaíocht Bhaile

Innealtóireacht

Teicneolaíocht Adhmaid

An Léann Clasaiceach

Oideachas Reiligiúnach

Corpoideachas

\*Beidh socrú ar leith ann chun Grafaicí, Teicneolaíocht Fheidhmeach, OSSP agus OSPS a chur ar fáil lasmuigh de na Cnuaslaethanta ar líne seo.

## Pearsanra eile

Tá ceardlanna ar leith á gcur ar fáil ag na foirne Tacaíocht le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS), Ceannaireacht Scoile, Scoil Uile agus CFL2/CFL1, ar bhonn leanúnach. Tá fáilte roimh cheannairí scoile freastal ar aon cheann de na ceardlanna ábhair le linn Cnuaslá ar líne ach beidh orthu clárú roimh ré chun nasc a fháil don cheardlann ar líne. Tá an rud céanna fíor i gcás scoláirí na Máistreacht Gairmiúla san Oideachas (PME), ar féidir iad a chlárú ag baint úsáid as a seoladh ríomhphoist scoile nó a seoladh r-phoist don choláiste tríú leibéal.

## Teastas tinrimh

Ní eisiúinn an SSM teastais tinrimh i gcomhar FGL ábhair ag cnuaschruinnithe ar líne.

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Tá nasc ar fáil ar leathanach baile [www.jct.ie](http://www.jct.ie) chuig físeán a léiríonn conas a oibríonn laethanta FGL Ábhair ar líne.

Seolfar sonraí faoi na ceardlanna FGL ábhair chuig múinteoirí (trína seoladh r-phoist scoile) thart ar sheachtain amháin roimh chnuaslá ar líne na scoile. Áireofar i measc na sonraí sin an nasc ar leith don chruinniú ceardlainne Zoom a sannadh dóibh, a chuirfear chucu trína seoladh r-phoist scoile.

Seolfar aon cheist maidir lenár gcnuaslaethanta ar líne don FGL Ábhair chuig [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)



Lean sinn ar Twitter [@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

Is féidir na fóirne Ábhair, Scoile Uile, Ceannaireachta agus CFL1/L2 a leanúint ar an gcóras giolcaireachta. Mura bhfuil tú ar Twitter, chífidh tú giolcacha SSM ar an leathanach baile ag [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers

Eolas ar an  
gCnuaslá Ar  
Líne don  
FGL Ábhair  
de chuid  
SSM (JCT)  
2022/2023



An Roinn Oideachais  
Department of Education

## Cén rud é Cnuaslá Ar Líne don FGL Ábhair?

Tá scoileanna agus múinteoirí eolach ar shamhail an Chnuasláe duine-le-duine don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a úsáideann an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) chun cabhrú le scoileanna an Creat don tSraith Shóisearach (2015) a chur i bhfeidhm.

Mar gheall ar thionchar phaindéim Chóivéid-19, thug SSM faoi shamhail nua **CHNUAS-CHRUINNITHE AR LÍNE** ina mbíonn na scoileanna ar fad i roinnt ceantar ag dúnadh do scoláirí ar an lá céanna chun a chinntiú gur féidir le gach múinteoir i ngach ceann de na scoileanna seo teacht le chéile ar líne chun freastal ar FGL Ábhair na Sraithe Sóisearaí. Leanfar leis an tsamhail sin ar líne i rith na scoilbhliana 2022/2023.

## Cén cruth a bheas ar an gCnuaslá Ar Líne?

Cuirfear ceardlanna FGL Ábhair ar fáil ar ardán Zoom. Tá taithí ag go leor múinteoirí ar a éasca is atá sé an t-ardán seo a úsáid agus ar a inrochtaineacht thar réimse gaireas. Beidh an t-amchlár céanna á leanúint i ngach ceardlann ábhair:

**Seisiún 1:** 9.30 a.m.

Sos tae/caife: 11.00 a.m.

**Seisiún 2:** 11.20 a.m.

Sos lóin: 1.00 p.m.

**Seisiún 3:** 2.00 p.m. – 3.30 p.m.

Iarrtar ar mhúinteoirí logáil isteach 10 nóiméad ar a laghad roimh thús na ceardlainne ar maidin.

Laistigh den trí thréimhse atá leagtha amach thuas, áfach, bainfidh na foirne ábhair úsáid as an am sna ceardlanna ábhair ar bhealaí difriúla agus beidh gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ag múinteoirí i rith an lae, ina measc:

- Ionchur faoi stiúir éascaitheora
- Spreagthach le haghaidh plé
- Deiseanna comhoibrithe
- Deiseanna cruthaitheachta
- Gníomhaíochtaí / plé i seomraí scartha
- Ócáidí machnaimh
- Léitheoireacht / scríobh, as líne
- Ag plé le fuaimrian nó le físeán ar an bpríomhscáileán / ar ghléas eile
- Leabhrán ceardlainne ar líne (in-íoslódáilte)
- Acmhainní sainiúla eile ceardlainne

## Sosanna agus Lón

Tabhair faoi deara go bhfuil sos tae/caife is sos lóin ag am coitianta do gach ceardlann.



## Conas a chláróidh mé agus a gheobhaidh mé rochtain ar an gceardlann?

Cuirfear do scoil ar an eolas faoin dáta a bheidh FGL Ábhair ar siúl i gceantar do scoile. Roimh an lá FGL, sannfaidh an Príomhoide (nó a n-ainmní) múinteoirí dá gceardlann FGL Ábhair ar thairseach SSM do chlárú múinteoirí.

Bhí foireann na SSM i dteagmháil leis an múinteoir / na múinteoirí i do scoil ag a bhfuil Uaireanta Acmhainní Bainistíochta na sraithe sóisearaí. Bhailigh siad seoladh r-phoist scoile do gach múinteoir chun gur féidir nasc ceardlainne Zoom a sheoladh chugat go díreach trí r-phost. Moltar do mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar chuntas scoile roimh an gcnuaslá ar líne. Bainfidh an nasc Zoom go sonrach le do cheardlann ábhair agus beidh ort an nasc a choinneáil chun rochtain a fháil ar an gceardlann a mbeidh tú rannpháirteach ann. [Ní féidir ach seoltaí ríomhphoist scoile a úsáid le haghaidh na laethanta FGL Ábhair ar líne.](#)

Mura bhfuil tú eolach ar Zoom, ná bíodh imní ort! Gheobhaidh tú r-phost le treoracha mionsonraithe chun cabhrú leat logáil isteach agus rochtain a fháil ar an gceardlann FGL. Is féidir freisin, ag tús na ceardlainne, go léireoidh an comhairleoir le SSM, a bheas ag éascú an lae, na gnéithe d'ardán Zoom a úsáidfear mar chuid de ghníomhaíochtaí foghlaim ghairmiúil an lae.

## An ón scoil a fhreastlóidh mé ar cheardlann agus cad é a bheidh de dhíth orm ar an lá?

Beidh ar gach múinteoir rochtain a fháil ar ríomhaire deisce nó ar ríomhaire glúine nó ar ghléas de chineál táibléid, le ceamara gréasáin agus maidhc (ionsuite nó breise). Beidh ar mhúinteoirí cinneadh a dhéanamh roimh ré freisin cé acu a roghnóidh siad: teacht ar leabhrán (nó ábhar eile) na ceardlainne ábhair ar líne, ar ghléas eile (m.sh., táibléad nó fón), nó an leabhrán a íoslódáil agus a phriontáil roimh ré. Seans go mbeidh peann agus páipéar ag teastáil freisin. Má bhíonn gá le hábhair eile, mar shampla, i gcomhthéacs ábhair phraiticiúil, cuirfear múinteoirí ar an eolas roimh ré.

Tabharfaidh na ceannairí scoile comhairle cé acu a bheidh múinteoirí ag freastal ar na Cnuascheardlanna ar líne ón scoil nó eile. Cuirfear san áireamh sa chinneadh seo na riachtanais thuasluaite mar aon le hacmhainneacht nascacht leathanbhanda na scoile agus timpeallacht oiriúnach inar féidir dul i mbun FGL ar líne:

### Seicliosta:-

- ✓ Ríomhaire deisce, ríomhaire glúine nó gléas de chineál táibléid, le ceamara gréasáin agus maidhc (ionsuite/breise)
  - Roghnach: An dara gléas (m.sh., fón cliste nó táibléad) le ceallra lánluchtaithe agus luchtair (ar mhaithe le teacht ar cháipéisí ábhartha le linn a bheith ar líne má roghnaíonn múinteoir gan an t-ábhar a phriontáil amach)
- ✓ Íoslódáil leabhrán/ábhar na ceardlainne
- ✓ Peann agus páipéar
- ✓ Ábhair eile d'ábhar ar leith, faoi mar a chuirtear in iúl roimh ré
- ✓ Leathanbhanda ar ardchaighdeán
- ✓ Timpeallacht oiriúnach